TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
GIOVANNI PITRUZZELLA
arna tabhairt an 30 Márta 2023 [1]

Cás C-715/20

K.L.
v
X sp. z o.o.

(Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy dla Krakowa - Nowej Huty w Krakowie (Cúirt Dúiche, Kraków – Nowa Huta i Kraków, an Pholainn))

(Tarchur chun réamhrialú – Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP chun críche – Clásal 4 – Prionsabal an neamh-idirdhealaithe – Difríocht cóireála i gcás dífhostú – Conradh fostaíochta ar théarma socraithe a fhoirceannadh – Easpa forais san ionstraim foirceanta)

1. An féidir foráil náisiúnta lena gceanglaítear go sonrófar na forais le foirceannadh a shonrú ach amháin i gcás conradh tréimhse éiginnte a fhoirceannadh agus ní i gcás conradh ar théarma socraithe, an féidir í a bheith i gcomhréir le dlí an Aontais, go háirithe le prionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos i gClásal 4 den Chomhaontú Réime a ghabhann le Treoir 1999/70? An féidir le cinneadh nach gcomhlíonann an reachtaíocht sin dlí an Aontais a bheith d'éifeacht le cur i bhfeidhm go díreach le Treoir 1999/70 i ndíospóid idir daoine aonair freisin?

I. An dlí lena mbaineann

A. Dlí an Aontais Eorpaigh

Treoir 1999/70/CE [2]

2. Foráiltear le hAirteagal 1 de Threoir 1999/70:

"Is é cuspóir na Treorach seo an Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe san Iarscríbhinn a ghabhann leis a tugadh i gcrích an 18 Márta 1999 idir na heagraíochtaí ginearálta trastionscail (ETUP, CEEP agus UNICE) a chur chun feidhme." [Aistriúchán neamhoifigiúil]

[1] Bunteanga: an Iodáilis.

[2] Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe a thug ETUP, UNICE agus CEEP chun críche (IO 1999 L 175, ó lgh. 43 go 48), ("Treoir 1999/70").

Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe [3]

3. Foráiltear le Clásal 4, dar teideal "prionsabal an neamh-idirdhealaithe":

"1. Maidir le coinníollacha fostaíochta, ní dhéileálfar le hoibrithe ar théarma socraithe ar bhealach is lú fabhar ná le buanoibrithe inchomparáide toisc go bhfuil conradh nó caidreamh ar théarma socraithe acu, ach amháin má tá bonn cirt le cóir éagsúil ar fhorais oibiachtúla.

[…]

3. Déanfaidh na Ballstáit na forálacha maidir le cur chun feidhme an chlásail seo a shainiú tar éis dul i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus/nó trí na comhpháirtithe sóisialta iad féin, ag féachaint do dhlí an Chomhphobail agus don dlí náisiúnta, do chomhaontuithe comhchoiteanna agus do chleachtas comhchoiteann.

[…]". [Aistriúchán neamhoifigiúil]

B. Dlí na Polainne

4. An Ustawa z dnia 26 czerwca 1974 r. Kodeks pracy (dlí an 26 Meitheamh 1974 maidir leis an gCód Saothair) (Acht comhdhlúite: Dziennik Ustaw, 2020, ceannteideal 1320, arna leasú), ("an Cód Saothair"), foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 183a di:

"§1. Ba cheart cóir chomhionann a thabhairt d'oibrithe maidir le caidreamh fostaíochta a bhunú agus a fhoirceannadh, coinníollacha fostaíochta agus coinníollacha ardaithe céime, chomh maith le rochtain ar oiliúint chun cáilíochtaí gairmiúla a fheabhsú, go háirithe gan beann ar inscne, aois, míchumas, cine, reiligiún, náisiúntacht, tuairimí polaitiúla, ballraíocht i gceardchumann, tionscnamh eitneach, creideamh, treoshuíomh gnéasach, agus beag beann ar cé acu ar feadh téarma socraithe nó ar feadh téarma éiginnte nó ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha atá siad fostaithe.

§2. Ciallóidh cóir chomhionann san fhostaíocht nach ndéanfar aon idirdhealú go díreach ná go hindíreach d'aon chineál ar aon cheann de na forais dá dtagraítear i mír 1 (...)".

5. Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 30 den Chód Saothair:

"1. Déanfar conradh fostaíochta a fhoirceannadh:

(1) de chomhthoil na bpáirtithe;

(2) trí dhearbhú ó cheann de na páirtithe lena n-áirítear tréimhse fógra (conradh fostaíochta a fhoirceannadh le fógra);

(3) trí dhearbhú ó cheann de na páirtithe gan tréimhse fógra a áireamh (conradh fostaíochta a fhoirceannadh gan fógra);

[3] Comhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe a ghabhann le Treoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir le Comhaontú Réime arna thabhairt i gcrích ag ETUP, UNICE agus CEEP maidir le hobair ar théarma socraithe (IO 1999 L 175, ó lch. 45 go 48).

(4) ar dhul in éag don tréimhse dár tugadh i gcrích é. [...]

2. […]

3. Déanfar dearbhú ó cheachtar páirtí maidir le fógra foirceanta conartha fostaíochta le fógra nó gan fógra i scríbhinn.

4. Luafar i ndearbhú ón bhfostóir maidir le fógra foirceanta conartha fostaíochta d'fhad éiginnte nó maidir le conradh fostaíochta a fhoirceannadh gan fógra, an chúis a thugann údar leis an bhfógra foirceanta. [...]".

6. Foráiltear don mhéid seo a leanas le hAirteagal 44 den Chód Saothair:

"Féadfaidh an fostaí agóid a dhéanamh i gcoinne fhoirceannadh an chonartha fostaíochta os comhair na cúirte fostaíochta mar a fhoráiltear i Roinn 12."

II. Fíorais, nós imeachta na bpríomhimeachtaí agus na ceisteanna arna dtarchur chun réamhrialú

7. An 1 Samhain 2019, thug an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí agus an cosantóir sna príomhimeachtaí conradh fostaíochta ar théarma socraithe agus páirtaimseartha chun críche le spriocdháta an 31 Iúil 2022.

8. An 15 Iúil 2020, thug an fostóir dearbhú i scríbhinn don iarratasóir maidir le foirceannadh an chonartha fostaíochta arna thabhairt i gcrích idir na páirtithe, inar tugadh fógra míosa dó, a chuaigh in éag an 31 Lúnasa 2020, gan aon chúiseanna a lua.

9. Dá bhrí sin, thug an fostaí caingean os comhair an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Nowej Huty w Krakowie (Cúirt Dúiche, Kraków – Nowa Huta i Kraków, an Pholainn) ag lorg cúitimh as an damáiste a rinne an dífhostú a líomhnaítear a bheith neamhdhleathach (bunaithe ar Airteagal 50(3) den Chód Saothair).

10. Sna príomhimeachtaí, luaigh an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go raibh earráidí foirmiúla i bhfógra an fhostóra an 15 Iúil 2020, ar lochtanna iad as a n-eascraíonn ceart chun cúitimh agus, ar an dara dul síos, gur sháraigh an tarraingt siar prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar bhonn an chineáil conartha fostaíochta a leagtar síos i ndlí an Aontais agus i rialacha dhlí na Polainne. [4]

11. Ar an taobh eile, mhaígh an cosantóir sna príomhimeachtaí tríd an reachtaíocht náisiúnta a chomhlíonadh, ní dhearnadh aon sárú ar an dlí náisiúnta ná ar dhlí an Aontais. [5]

12. Bhí amhras ar an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Nowej Huty w Krakowie (Cúirt Dúiche, Kraków, Nowa Huta i Kraków), ar thug an fostaí caingean le haghaidh damáistí os a comhair, maidir le léirmhíniú Airteagal 1 de Threoir 1999/70 agus Chlásail 1 agus 4 den Chomhaontú Réime sin, agus maidir leis an gceart atá ag daoine aonair brath go díreach os comhair na cúirte náisiúnta maidir le forálacha na Treorach sin agus forálacha an Chomhaontú Réime sin.

[4] Foráiltear le hAirteagal 30(4) de Chód Saothair na Polainne nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an bhfostóir cúiseanna a lua maidir leis an dífhostú ach amháin i gcás conarthaí tréimhse éiginnte.

[5] Ós rud é, le forálacha an Chóid Saothair, go ndéantar idirdhealú idir oibrithe a earcaíodh ar bhonn conradh fostaíochta ar feadh tréimhse éiginnte agus na hoibrithe sin a fhostaítear faoi chonradh fostaíochta ar théarma socraithe maidir leis an oibleagáid cúiseanna le foirceannadh a shonrú, ní fhéadfaí a mheas gurbh idirdhealaitheach an mhainneachtain cúiseanna a lua don dífhostú atá faoi chonspóid.

13. Sna himthosca sin, chuir an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Nowej Huty w Krakowie (Cúirt Dúiche, Kraków – Nowa Huta i Kraków), na himeachtaí ar fionraí agus tharchuir sí na ceisteanna seo a leanas chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

"1. An gá Airteagal 1 de Threoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime i dtaca le hobair ar théarma socraithe a thug Cónaidhm na nGnóthas Eorpach (UNICE), Lárionad Eorpach na bhFiontar a bhfuil Rannpháirtíocht Phobail iontu agus na bhFiontar ar Mhaithe le Leas Eacnamaíoch i gCoitinne (CEEP) agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CES) chun críche agus Clásail 1 agus 4 den Chomhaontú Réime sin a léiriú mar choisc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar fhostóir na cúiseanna a lua i scríbhinn ó thaobh an chinnidh conradh fostaíochta a fhoirceannadh i ndáil le conarthaí fostaíochta arna dtabhairt i gcrích go ceann tréimhse éiginnte amháin, agus, dá réir sin, an t-athbhreithniú breithiúnach ar dhlisteanacht na bhforas le tarraingt siar ó chonarthaí tréimhse éiginnte, gan foráil a dhéanamh go comhuaineach don oibleagáid sin atá ar an bhfostóir (is é sin le rá, an chúis atá leis an tarraingt siar a chur in iúl) maidir le conarthaí fostaíochta a tugadh i gcrích ar feadh téarma socraithe (mar sin níl ach an ghné a bhaineann le comhlíonadh na tarraingthe siar leis na forálacha maidir le tarraingt siar ó chonarthaí faoi réir athbhreithniú breithiúnach).

2. An féidir leis na páirtithe brath ar Chlásal 4 den Chomhaontú Réime agus ar phrionsabal ginearálta dhlí an Aontais maidir le toirmeasc ar idirdhealú (Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh) i ndíospóid dhlíthiúil inar páirtithe príobháideacha iad an dá pháirtí agus, dá bhrí sin, an bhfuil éifeacht chothrománach ag na forálacha sin?".

III. Anailís dlí

A. An cheist a tharchuirtear

1. Réamhbharúlacha

14. Baineann na príomhimeachtaí le héileamh ar dhamáistí arna dtabhairt ag fostaí i gcoinne fostóra (príobháideach) chun conradh fostaíochta a fhoirceannadh, i scríbhinn agus laistigh den tréimhse fógra, gan na cúiseanna le foirceannadh a lua ag an am céanna. Measann an fostóir gur ghníomhaigh sé i gceart, ós rud é, nach bhfuil sé d'oibleagáid ar an bhfostóir faoi dhlí na Polainne, cúiseanna a lua ag an am céanna leis an bhfógra foirceanta, ach amháin más conradh ar feadh tréimhse éiginnte atá i gceist aige a fhoirceannadh.

15. Sa chomhthéacs sin, iarrann an chúirt náisiúnta ar an gCúirt an ionann an difríocht sa chaoi a gcaitear leis an dá chineál éagsúla conarthaí (conarthaí téarma shocraithe nó conarthaí éiginnte) san oibleagáid na cúiseanna le dífhostú a shonrú agus idirdhealú a thoirmisctear faoi Chlásail 1 agus 4 den Chomhaontú Réime maidir leis an teorannú líomhnaithe ar chosaint bhreithiúnach ar dhlisteanacht na bhforas.

16. Chun an cheist a fhreagairt, is gá an staid dhlíthiúil a ndéanann an déileáil dhifriúil sa reachtaíocht náisiúnta difear di a shainaithint i gceart trí scrúdú a dhéanamh ar fhorálacha ábhartha uile an dlí náisiúnta: is amhlaidh atá ionas go mbeifear in ann a chinneadh an ionann an difreáil fhoirmiúil idir an dá chineál conarthaí i ndáil leis an oibleagáid forais foirceanta a shonrú

agus idirdhealú dílis in aghaidh oibrithe ar théarma socraithe, a thoirmisctear le Clásal 4 den Chomhaontú Réime. Cuirfidh an anailís sin ar ár gcumas a mheas an féidir léirmhíniú ar an dlí náisiúnta i gcomhréir le dlí an Aontais a shamhlú.

17. Déanfar an anailís sna céimeanna seo a leanas: (a) achoimre a thabhairt ar chomhrianta Clásal 4 d'fhonn a chuspóir agus a raon feidhme a thuiscint, ag tagairt go háirithe do na coincheapa "coinníollacha fostaíochta", "buanoibrithe inchomparáide", cóir "is lú fabhar" don "chúis amháin go bhfuil conradh fostaíochta nó caidreamh fostaíochta ar théarma socraithe acu"; (b) an staid dhlíthiúil is ábhar don difríocht sa chóir a líomhnaítear a bheith ann (cóir "is lú fabhar") a shainaithint, agus gné shubstainteach na cosanta a thugtar don oibrí ar dhífhostú gan údar maith a idirdhealú ón ngné fhoirmiúil den fhógra maidir leis na cúiseanna a bhí leis an tarraingt siar; c) measúnú a dhéanamh ina iomláine, ar bhonn na ndoiciméad atá os comhair na Cúirte, ar an gcóras cosanta a cuireadh ar bun le córas dhlí na Polainne d'oibrithe ar théarma socraithe chun a chinneadh an dtugann nó nach dtugann siad cosaint éifeachtach dóibh ar dhífhostú gan údar maith' nach bhfuil, go bunúsach, chomh fabhrach leis an gcosaint a thugtar do bhuanoibrithe; (d) measúnú a dhéanamh féachaint an bhfuil aon "chúiseanna oibiachtúla" ann maidir le neamhfheidhmiú na forála.

18. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur a bheidh sé a chinneadh an gcomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus an fhaisnéis a chuirfear ar fáil anseo á cur san áireamh, i bhfianaise imthosca uile an cháis.

2. Cuspóir agus síneadh Chlásal 4 den Chomhaontú Réime

19. Leagtar síos i gClásal 4 "prionsabal an neamh-idirdhealaithe" nach ionann é agus oibleagáid maidir le cóir chomhionann absalóideach idir buanoibrithe agus oibrithe ar théarma socraithe. Tá feidhm shocheacnamaíoch an dá chineál conarthaí difriúla[6], ach tá sé mar aidhm le dlí an Aontais, ar bhonn fhad an chonartha amháin, cosc a chur ar an reachtas náisiúnta agus, ar deireadh, ar an bhfostóir foráil a dhéanamh do chóir éagsúil nach bhfuil "údar" oibiachtúil leis.

20. Tá feidhm ag prionsabal an neamh-idirdhealaithe, agus dá bhrí sin maidir le cóir "is lú fabhar" d'oibrithe ar théarma socraithe ná "buanoibrithe inchomparáide" maidir le "coinníollacha fostaíochta".

21. Is léir ó na doiciméid os comhair na Cúirte: (i) gur oibrí téarma shocraithe an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí; (ii) foráiltear le dlí na Polainne do chóir éagsúil d'oibrithe ar théarma socraithe (seachas buanoibrithe) maidir le hoibleagáid an fhostóra na cúiseanna a lua san ionstraim um tharraingt siar.

22. Maidir leis an gcoincheap "coinníollacha fostaíochta" de réir bhrí chlásal 4(1) den Chomhaontú Réime, is é an critéar cinntitheach lena chinneadh an dtagann beart faoin gcoincheap sin go cruinn ná an critéar fostaíochta, is é sin le rá, an caidreamh fostaíochta idir oibrí agus a fhostóir.[7]

[6] Is í feidhm shocheacnamaíoch conartha fostaíochta ar théarma socraithe, de ghnáth, déileáil le cásanna sealadacha amhail tionscadal gnó atá go hiomlán teagmhasach a chur i gcrích nó oibrí eile a chur in ionad oibrí breoiteachta nó máithreachais.

[7] Breithiúnais an 5 Meitheamh 2018, Grupo Norte Facility (C-574/16, EU:C:2018:390, mír 41), agus an 25 Iúil 2018, Vernaza Ayovi (C-96/17, EU:C:2018:603, mír 27).

23. I ndáil leis sin, chinn an Chúirt go gcumhdaítear leis an gcoincheap sin, *inter alia*, na rialacha a bhaineann le cinneadh na tréimhse fógra is infheidhme i gcás conarthaí fostaíochta ar théarma socraithe a fhoirceannadh agus na rialacha a bhaineann le cúiteamh a íoctar leis an oibrí mar gheall ar fhoirceannadh a chonartha fostaíochta lena fhostóir.[8] Is furasta tátal a bhaint as an gcásdlí sin go gcumhdaítear na rialacha lena rialaítear foirceannadh an chaidrimh fostaíochta leis an gcoincheap "coinníollacha fostaíochta". Maidir le léirmhíniú ar Chlásal 4(1) den Chomhaontú Réime a eisiamh ón sainmhíniú ar an gcoincheap sin, b'ionann na coinníollacha maidir le conradh fostaíochta ar théarma socraithe a fhoirceannadh agus laghdú a dhéanamh, d'ainneoin an chuspóra a shanntar don fhoráil sin, ar raon feidhme na cosanta a thugtar d'oibrithe ar théarma socraithe in aghaidh idirdhealú.[9]

24. Maidir leis an gcoincheap "buanoibrithe inchomparáide", de réir chásdlí socair na Cúirte[10], "le prionsabal sin an neamh-idirdhealaithe, éilítear nach féidir cásanna inchomparáide a láimhseáil ar bhealach éagsúil agus nach féidir cásanna éagsúla a láimhseáil ar an dóigh chéanna mura bhfuil bonn cirt oibiachtúil leis an gcóireáil sin".[11]

25. Tá an measúnú roinnte i dtrí chéim: (i) inchomparáideacht cásanna a fhíorú; (ii) an míbhuntáiste a mheasúnú; (iii) cinneadh go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann lena gceadaítear cóireáil éagsúil.

26. Baineann an chéad chéim le measúnú ar na cásanna fíorasacha, lena bhféachtar lena fháil amach an bhfuil na cásanna atá i gceist inchomparáide, cé nach bhfuil siad comhionann.[12]

27. Má mheasann an chúirt náisiúnta go bhfuil na cásanna fíorasacha inchomparáide, ní mór di a chinneadh an bhfuil míbhuntáiste ann a dhéanfadh dochar don oibrí ar théarma socraithe (cóir "is lú fabhar"). Scrúdóidh mé an ghné sin sna míreanna seo a leanas d'fhonn an staid dhlíthiúil a ndéanann an chóir dhifriúil difear di a shainaithint i gceart.

28. Sa chás go mbíonn toradh dearfach ar an gcéad dá chéim, agus sa chás sin amháin, ní mór don chúirt náisiúnta a fhíorú go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann a d'fhéadfadh údar a thabhairt leis an difríocht sa chóireáil a dhéanamh.

8 Féach breithiúnas an 5 Meitheamh 2018, Grupo Norte Facility (C-574/16, EU:C:2018:390, míreanna 42, 44 agus 45).

9 Féach breithiúnas an 5 Meitheamh 2018, Grupo Norte Facility (C-574/16, EU:C:2018:390, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear).

10 Féach breithiúnais an 17 Aibreán 1997, EARL de Kerlast (C-15/95, EU:C:1997:196, mír 35); an 13 Aibreán 2000, Karlsson agus páirtithe eile (C-292/97, EU:C:2000:202, mír 39); an 6 Márta 2003, Niemann (C-14/01, EU:C:2003:128, mír 49); an 30 Márta 2006, an Spáinn v an Chomhairle (C-87/03 agus C-100/03, EU:C:2006:207, mír 48); an 11 Iúil 2006, Franz Egenberger (C-313/04, EU:C:2006:454, mír 33); an 20 Nollaig 2017, Vega González (C-158/16, EU:C:2017:1014), mír 42); an 5 Meitheamh 2018, Grupo Norte Facility (C-574/16, EU:C:2018:390, mír 46); an 5 Meitheamh 2018, Montero Mateos (C-677/16, EU:C:2018:393, mír 49).

11 Breithiúnas an 18 Deireadh Fómhair 2012, Valenza (ó C-302/11 go C-305/11, EU:C:2012:646), mír 40.

12 De réir cásdlí socair, chun a mheas an bhfuil na daoine lena mbaineann ag gabháil don obair chéanna nó d'obair chomhchosúil de réir bhrí an Chomhaontaithe Réime, is gá a chinneadh, i gcomhréir le Clásail 3(2) agus 4(1) den Chomhaontú Réime, cibé acu, i bhfianaise roinnt tosca, amhail cineál na hoibre, coinníollacha oiliúna agus coinníollacha fostaíochta, an bhféadfar a mheas go bhfuil na daoine sin i staid inchomparáide; féach Órdú an 18 Bealtaine 2022, Ministero dell'istruzione (Cárta leictreonach) (C-450/21, nár foilsíodh, EU:C:2022:411, mír 41).

3. An staid dhlíthiúil, a fhágann idirdhealú líomhnaithe: cóir "is lú fabhar"

29. Tar éis raon feidhme Chlásal 4 a shoiléiriú, is gá an staid dhlíthiúil is ábhar don difríocht líomhnaithe sa chóir faoi Chlásal 4 den Chomhaontú Réime a shainaithint, arb é sin, mar a fheicfimid, in éineacht leis an gcosaint fhoriomlán a thugtar d'oibrithe ar théarma socraithe, an pointe cinntitheach chun measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht léirmhíniú a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais.

30. Is léir ó na doiciméid os comhair na Cúirte go leagtar síos in Airteagal 30(4) de Chód Saothair an oibleagáid "na cúiseanna a thugann údar leis an bhfoirceannadh a lua" i gcás "foirceannadh le fógra faoi chonradh fostaíochta d'fhad éiginnte" nó "foirceannadh conartha fostaíochta gan fógra".

31. Dá bhrí sin, bhí sé beartaithe ag reachtas na Polainne, tar éis dó an fhoirm i scríbhinn a leagan síos i mír 3 chun gach cineál conartha a fhoirceannadh (le fógra nó gan fógra), teorainn a chur leis an oibleagáid cúiseanna foirmiúla a thabhairt do chás an fhoirceanta amháin gan fógra (ó chonradh téarma shocraithe nó éiginnte). Dá réir sin, níl feidhm ag an oibleagáid fhoirmiúil sin na cúiseanna leis an bhfoirceannadh a lua i gcás foirceannadh conartha ar théarma socraithe le fógra.

32. Mar sin féin, ní féidir a thuiscint ón bhfíric sin go raibh sé i gceist ag reachtas na Polainne córas difriúil cosanta a bhunú ar dhífhostú gan údar maith d'oibrithe ar théarma socraithe i gcomparáid le buanoibrithe.

33. Ní mór idirdhealú a dhéanamh idir an ghné (shubstainteach) de chosaint an oibrí ar dhífhostú gan údar maith, arb é atá ann an ceanglas nach féidir oibrí ar théarma socraithe a dhífhostú ar fhorais idirdhealaitheacha nó neamhdhleathacha, agus an ghné (fhoirmiúil), arb é atá inti an oibleagáid na cúiseanna ar chinn an fostóir an conradh a fhoirceannadh roimh ré.

34. Tá an t-aon fhoráil de dhlí an Aontais lena dtugtar cosaint d'oibrithe ar dhífhostú neamhdhleathach (aonair) le fáil in Airteagal 30 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt").

35. Sonraítear ann go bhfuil "ag gach oibrí an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú gan údar maith, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta."

36. Ina hanailís, árdaíonn an chúirt a rinne an tarchur, amhras maidir le comhoiriúnacht na reachtaíochta náisiúnta le hAirteagal 30 den Chairt, ach is é is cúis leis sin, leis an reachtaíocht náisiúnta go n-eisiatar, "i bprionsabal, an fhéidearthacht go ndéanfadh an Chúirt Oibreachais athbhreithniú i dtaobh an bhfuil údar maith le hoibrí atá fostaithe faoi chonradh ar théarma socraithe a dhífhostú".[13] Scrúdóidh mé sa mhír seo a leanas conas a leanann sé go beacht ó imthosca den chineál sin – an bhfuil nó nach bhfuil an chúirt náisiúnta in ann athbhreithniú a dhéanamh ar an mbonn cirt atá le hoibrí ar théarma socraithe a dhífhostú – atá ina ábhar do sheasaimh a mhalairt i gcásdlí na Polainne, as a n-eascraíonn léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais.

37. Tagraítear le hábhar substainteach na forála don chosaint ar dhífhostú "gan údar maith" agus ní do ghnéithe (foirmiúla) ábhar teachtaireachtaí an fhostóra.

[13] Iarraidh ar réamhrialú, mír 34.

38. Ní hionann cosaint éifeachtach a áirithiú go bhfuil sé d'oibleagáid ar an bhfostóir an fostaí a chur ar an eolas, san fhógra faoi fhoirceannadh, faoi na cúiseanna atá mar bhunús leis an dífhostú go foirmiúil.

39. Ar an taobh eile, i bhfianaise éifeachtacht Threoir 1999/70, tá sé riachtanach go dtabharfaí an deis don fhostaí iarbhír na cúiseanna leis an dífhostú a fhíorú ag tríú cúirt.

40. Is cinnte nach féidir a shéanadh, mar a thug an Coimisiún Eorpach le fios, go gcuirtear réamhfhógra faoi na cúiseanna ar chumas an oibrí a chearta cosanta a fheidhmiú níos tapúla: ní gá dó fanacht ar an gcéim bhreithiúnach chun na cúiseanna leis an dífhostú a fháil amach.

41. Mar sin féin, ní cheanglaítear go sonrach le dlí an Aontais ar na Ballstáit oibleagáid a chur ar an bhfostóir cúiseanna sainráite a thabhairt le dífhostú tar éis tarraingt siar, mar a thug Poblacht na Polainne dá haire ina barúlacha. [14]

42. Dá bhrí sin, rachaidh mé ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh den anailís a rinne mé ar an gcéad cheist a tarchuireadh chun réamhrialú: an gceadaítear i gcóras dhlí na Polainne cosaint éifeachtach a thabhairt d'oibrithe ar théarma socraithe i gcás tarraingt siar ante tempus, fiú in éagmais réamhfhógra foirmiúil maidir leis na cúiseanna?

4. An córas cosanta a cuireadh i bhfeidhm le córas dhlí na Polainne d'oibrithe ar théarma socraithe

43. Maidir leis an ngné shonrach sin de m'anailís, fuair mé seasaimh éagsúla idir an méid a luaigh an chúirt a rinne an tarchur agus an méid a luaigh Rialtas na Polainne ina chuid barúlacha i scríbhinn agus ag an éisteacht.

44. Go deimhin, is cosúil go bhfuil roinnt éiginnteachta sa chásdlí náisiúnta agus, thar aon rud eile, roinnt neamhréireachtaí in ord na cúirte a rinne an tarchur.

45. Ar an gcéad dul síos, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl gur aithníodh an Sąd Najwyższy (An Chúirt Uachtarach, an Pholainn) i mbreithiúnas an 8 Bealtaine 2019 (I PK 41/18) go bhféadfadh an chúirt athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar na forais chun conradh ar théarma socraithe a fhoirceannadh, cé go raibh amhras uirthi faoi chomhoiriúnacht Airteagal 30(4) de Chód Saothair le dlí an Aontais.

46. Ina theannta sin, ó thaobh eile, chinn an Trybunał Konstytucyjny (Cúirt Bhunreachtúil, an Pholainn) go bhféadfaidh an Chúirt Oibreachais inniúil scrúdú a dhéanamh freisin ar chonradh fostaíochta ar théarma socraithe a fhoirceannadh ó thaobh sárú féideartha ar chuspóir socheacnamaíoch an dlí nó ar phrionsabail an tsaoil shóisialta (Airteagal 8 den Chód Saothair) nó an bhfuil difríocht sa chóir nó idirdhealú a bheith ann in aghaidh an fhostaí a thoirmisctear leis an dlí sa chás dá bhforáiltear in Airteagal 113 agus in Airteagal 183a den Chód Saothair, nach mbeadh, dá bhrí sin, contrártha d'Airteagal 2 (is é sin le rá, prionsabal an smachta dhaonlathaigh dlí) agus d'Airteagal 32 Bhunreacht na Polainne (lena gcumhdaítear prionsabal an chomhionannais os comhair an dlí agus toirmeasc ar idirdhealú sa saol polaitiúil, sóisialta nó eacnamaíoch bunaithe ar fhoras ar bith).

[14] Barúlacha Phoblacht na Polainne, mír 31.

47. Ar an taobh eile, luann an chúirt a rinne an tarchur féin, i mír 34 den Ordú, go n-eisiatar, i bprionsabal, leis an reachtaíocht náisiúnta i gceist, an fhéidearthacht go ndéanfadh an Chúirt Oibreachais athbhreithniú ar an mbonn cirt atá le hoibrí atá fostaithe faoi chonradh ar théarma socraithe a dhífhostú.

48. Chuir Rialtas na Polainne in iúl, ar bhealach níos beaichte agus níos mionsonraithe [15], cé nach bhfuil oibleagáid ar an bhfostóir, i gcóras dhlí na Polainne, fógra a thabhairt faoi na cúiseanna, níl sé i dteideal an t-oibrí a dhífhostú gan údar maith. Os comhair na cúirte, ceanglaítear ar an bhfostóir na cúiseanna leis an dífhostú a lua, má iarrtar sin.

49. Chuige sin, is leor don oibrí fianaise "prima facie" a thabhairt ar aird ónar féidir a thoimhdiú go bhfuil an foirceannadh idirdhealaitheach nó maslach a mhéid atá sé contrártha le comhchónaí sóisialta nó le cuspóir socheacnamaíoch an dlí. [16]

50. Is faoin bhfostóir a bheidh sé a chruthú go bhfuil bunús maith leis na cúiseanna a thug sé féin ar iarratas na cúirte.

51. De réir Rialtas na Polainne, áirithítear leis an nós imeachta atá leagtha síos le haghaidh díospóidí fostaíochta cosaint éifeachtach d'oibrithe ar théarma socraithe, atá cosúil go bunúsach le cosaint buanoibrithe: is cúirt speisialaithe í an Chúirt Oibreachais, tá rochtain ar an gcúirt saor in aisce, tá cumhachtaí ex officio na cúirte sách leathan agus, de réir dealraimh, d'fhágfadh sé go bhféadfaí an páirtí is laige sa chaidreamh a chosaint go héifeachtach.

52. Cé gur cháin an Coimisiún [17], an rogha a rinne reachtas na Polainne, aithníonn sé freisin ina chuid barúlacha i scríbhinn go bhféadfaí léiriú a dhéanamh i gcomhréir le dlí an Aontais.

53. Os a choinne sin, mar a tugadh faoi deara thuas, is cosúil go bhfuil an chúirt a rinne an tarchur ag déanamh argóint nach gcomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta dlí an Aontais ach, i mo thuairimse, ar bhonn nasc uathoibríoch dofheicthe: i bhfoclaíocht na chéad cheiste a tarchuireadh le haghaidh réamhrialú, tá an mhainneachtain na cúiseanna a lua san fhógra faoin tarraingt siar nasctha ("agus dá bhrí sin") leis an easpa athbhreithnithe ag an gcúirt ar na forais leis an tarraingt siar. Is é sin le rá, is cosúil go ndéanann an chúirt a rinne an tarchur a hamhras maidir le comhoiriúnacht dhlí na Polainne le dlí an Aontais, ó thaobh na hoibleagáide na cúiseanna leis an tarraingt siar a lua, ag brath go beacht ar an bhfíoras nach bhfuil oibleagáid den sórt sin ann maidir le conarthaí ar théarma socraithe "torthaí" in éagmais "athbhreithniú breithiúnach ar fhiúntais na bhforas le tarraingt siar".

54. Is léir dá mba rud é gurbh amhlaidh an cás, eadhon go raibh sé d'éifeacht (go huathoibríoch) ag éagmais oibleagáide ar an bhfostóir na cúiseanna a lua san fhógra faoin bhfoirceannadh nach raibh cumhacht ag an gcúirt tuillteanais agus dlíthiúlacht an dífhostaithe a mheas, go deimhin go mbeadh an fhoráil náisiúnta contrártha le dlí an Aontais.

55. Murab amhlaidh an cás, i mo thuairimse, dá bhfaigheadh an chúirt náisiúnta na cúinsí seo a leanas, agus iad uile ag teacht le cosaint dhlíthiúil éifeachtach d'oibrithe ar théarma socraithe, nach bhfuil i bhfad níos lú fabhair ná buanoibrithe (arb é is cuspóir do phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a leagtar síos i gClásal 4 den Chomhaontú Réime), d'fhéadfaí léiriú

[15] Tras-scríbhinn na héisteachta, lch. 2 agus barúlacha i scríbhinn, mír 23.

[16] Barúlacha Phoblacht na Polainne, mír 25.

[17] Barúlacha i scríbhinn, mír 32; agus na ceisteanna á bhfreagairt, áfach, tagann an Coimisiún ar an tátal nach gcomhlíonann an reachtaíocht náisiúnta le dlí an Aontais.

comhsheasmhach a bhaint amach: go bhféadfadh an t-oibrí cineál idirdhealaitheach agus neamhdhleathacht an dífhostaithe a fhorchuirtear a dhearbhú in imeachtaí dlíthiúla; imeachtaí ina bhfuil maoirseacht á déanamh ag cúirt speisialaithe a bhfuil cumhachtaí láidre ex officio aici chun a cheangal ar an bhfostóir, tar éis don oibrí amháin líomhain a dhéanamh nach n-iarrann aitheantas ar chineál idirdhealaitheach an dífhostaithe, dlíthiúlacht na bhforas le foirceannadh a léiriú; rochtain ar an gcúirt saor in aisce agus gan aon fhoirm fhoirmiúil cheangailteach ar leith.

56. Mar fhocal scoir, maidir le himthosca a tháinig chun cinn ag an éisteacht: bheadh tionscnamh reachtach ar bun chun forálacha Chóid Saothair a leasú chun an t-idirdhealú atá ann faoi láthair a bhaint, ó thaobh na hoibleagáide atá ann na forais le tarraingt siar a shonrú, idir conarthaí ar théarma socraithe agus ar théarma éiginnte. Agus tionscnamh reachtas na Polainne á chur san áireamh agam, measaim go bhfuil sé neamhábhartha chun críocha na hanailíse a rinneadh, ós rud é nach bhféadfadh sé ach fianaise a thabhairt ar intinn reachtas na Polainne aon amhras a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le léiriú a bhaint agus ní gá gur léiriú é ar neamhchomhlíonadh reatha dhlí an Aontais maidir leis na forálacha atá i bhfeidhm.

57. Dá bhrí sin, i bhfianaise na mbarúlacha thuas, measaim go bhféadfadh an chúirt a rinne an tarchur féachaint go úsáideach an bhféadfaí go mbeadh léiriú comhsheasmhach ann, agus na critéir a leagtar amach thuas á gcur i bhfeidhm aici.

5. Na "forais oibiachtúla" chun cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a eisiamh

58. Mar a luadh thuas, i gcás ina measann an chúirt a rinne an tarchur nach féidir léi é a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais ar bhonn an mheasúnaithe cóireála is lú fabhar, ní mór a mheas an féidir cur i bhfeidhm phrionsabal an neamh-idirdhealaithe a eisiamh ar bhonn "forais oibiachtúla".

59. De réir chásdlí socair na Cúirte, ceanglaítear leis an gcoincheap "forais oibiachtúla" go bhfuil údar leis an difríocht sa chóir a fhaightear mar gheall ar thosca beachta agus sonracha a bheith ann mar shaintréith den chaidreamh fostaíochta atá i gceist, sa chomhthéacs ar leith ina dtarlaíonn sé agus ar bhonn critéir oibiachtúla thrédhearcacha, d'fhonn a fháil amach an bhfreagraíonn an difríocht sin sa chóir d'fhíorghá, a bheith iomchuí chun an cuspóir atá á shaothrú a bhaint amach agus atá riachtanach chun na críche sin. [18]

60. Ní cúis oibiachtúil ann féin é leas a bhaint as cineál sealadach amháin an chaidrimh fostaíochta. [19] Chun a mhalairt a mhaíomh, chiallódh sé go mbainfeadh sé sin cuspóirí Threoir 1999/70 agus an Chomhaontaithe Réime de bhrí. Maíonn an Coimisiún, go beacht ar bhonn na n-argóintí sin, go bhfuil cúiseanna oibiachtúla ann arís. [20] Maíonn Poblacht na Polainne, ina barúlacha i scríbhinn agus ag an éisteacht, ina ionad sin nach mór iad a lorg ar chúiseanna

[18] D'fhéadfadh na gnéithe sin a bheith soiléir, go háirithe, ó chineál sonrach na gcúraimí ar tugadh na conarthaí ar théarma socraithe i gcrích ina leith agus ó shaintréithe is gné dhílis de na gcúraimí sin, nó, de réir mar a bheidh, cuspóir dlisteanach beartais shóisialta de chuid Ballstáit a shaothrú; féach Ordú an 18 Bealtaine 2022, Ministero dell'istruzione (Cárta leictreonach), (C-450/21, nár foilsíodh, EU:C:2022:411, mír 45); Ordú an 22 Márta 2018, Centeno Meléndez, C-315/17, nár foilsíodh, EU:C:2018:207, mír 65.

[19] Féach Ordú an 22 Márta 2018, Centeno Meléndez (C-315/17, nár foilsíodh, EU:C:2018:207, mír 63).

[20] Féach Barúlacha an Choimisiúin, mír 24, ina luaitear nach féidir "difríocht sa chóir, maidir le dálaí oibre, idir oibrithe ar théarma socraithe agus buanoibrithe, a chosaint ar bhonn critéir a thagraíonn, ar bhealach ginearálta agus teibí, d'fhad na hoibre. Dá nglacfaí leis gur leor nádúr sealadach caidrimh fostaíochta chun údar a thabhairt don difríocht sin, bheadh cuspóirí Threoir 1999/70 agus an Comhaontaithe Réime gan bhrí. In ionad feabhas a chur ar cháilíocht na hoibre ar théarma socraithe agus an chóir chomhionann a iarrtar le Treoir 1999/70 agus leis an gComhaontú Réime araon a chur chun cinn, b'ionann dul i muinín an chritéir sin agus buanú staid atá neamhfhabhrach d'oibrithe ar théarma socraithe" (féach Ordú an 9 Feabhra 2012 i gCás C-556/11, Lorenzo Martínez, nár foilsíodh, mír 50 agus an cásdlí dá dtagraítear).

beartais fostaíochta atá in ann údar a thabhairt do dhifríocht sa chóireáil, go háirithe maidir leis an ngá le solúbthacht níos mó a theastaíonn ó mhargadh an tsaothair. [21] Go bunúsach, is cosúil go dtagraíonn sé go beacht do chritéar ginearálta agus teibí a bhaineann le fad na hoibre féin.

61. I mo thuairimse, i bhfianaise an chásdlí a luaitear agus na fianaise sa chomhad, faoi réir fhíorú na cúirte a rinne an tarchur, ní féidir glacadh le hargóintí Rialtas na Polainne go bhfuil údar maith ag feidhm shóisialta agus eacnamaíoch éagsúil atá ag an dá chineál conarthaí sin maidir le cibé acu an ndéanfar nó nach ndéanfar foráil maidir le hoibleagáidí cúiseanna a lua le foirceannadh conarthaí fostaíochta ar théarma socraithe agus conarthaí oibre ar théarma éiginnte agus ar chuspóir dlisteanach bheartais shóisialta an Bhallstáit lena mbaineann a shaothrú, eadhon fostaíocht iomlán agus tháirgiúil.

B. An dara ceist a tharchuirtear

62. Leis an dara ceist, féachann an chúirt a rinne an tarchur a fháil amach, go bunúsach, an féidir leis na páirtithe brath ar Chlásal 4 den Chomhaontú Réime i gcúrsa imeachtaí dlí inar páirtithe príobháideacha iad an dá pháirtí.

63. Ar an gcéad dul síos, ba cheart a choinneáil i gcuimhne go gcumhdaítear le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais ar dhlí na mBallstát agus go gceanglaítear ar gach institiúid de chuid na mBallstát lánéifeacht a thabhairt do rialacha éagsúla an Aontais Eorpaigh, ós rud é nach féidir le dlí na mBallstát an bonn a bhaint don éifeacht a thugtar do na forálacha éagsúla sin i gcríoch na mBallstát sin. Ceanglaítear leis an bprionsabal sin, go háirithe, ar chúirteanna náisiúnta, chun éifeachtacht fhorálacha uile dhlí an Aontais a ráthú, go ndéanfaidh siad léirmhíniú, a mhéid is féidir, ar a ndlí náisiúnta ar shlí atá i gcomhréir le dlí an Aontais agus deis a thabhairt do dhaoine aonair cúiteamh a fháil i gcás ina ndearnadh dochar dá gcearta de bharr sárú ar dhlí an Aontais atá inchurtha i leith Ballstáit. [22]

64. Ar bhonn níos cruinne, chinn an Chúirt arís agus arís eile nach mór do chúirt náisiúnta a dtugtar imeachtaí os a comhair go heisiach idir daoine aonair, agus forálacha an dlí náisiúnta arna nglacadh chun na hoibleagáidí a leagtar síos le treoir a thrasuí á gcur i bhfeidhm, corpas iomlán fhorálacha an dlí náisiúnta a chur san áireamh agus iad a léiriú, a mhéid is féidir, i bhfianaise fhoclaíocht agus chuspóir na treorach sin chun teacht ar thoradh a bheidh comhsheasmhach leis an gcuspóir atá á shaothrú leis an treoir. [23]

65. Mar sin féin, tá teorainneacha áirithe ag baint leis an bprionsabal nach mór an dlí náisiúnta a léiriú. Tá an oibleagáid atá ar chúirt náisiúnta tagairt a dhéanamh d'ábhar treorach maidir le léiriú agus cur i bhfeidhm rialacha ábhartha a dlí náisiúnta teoranta ag prionsabail ghinearálta an dlí agus ní féidir léi a bheith mar bhonn do léiriú contra legem ar an dlí náisiúnta. [24]

66. Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara, mura bhfuil sí in ann an reachtaíocht náisiúnta a léiriú i gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais, go gceanglaítear le prionsabal thosaíocht dhlí an Aontais nach mór don chúirt náisiúnta atá freagrach as forálacha dhlí an

[21] Barúlacha Phoblacht na Polainne, mír 10.

[22] Féach breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, Popławski (C-573/17, EU:C:2019:530, míreanna 53, 54 agus 57 agus an cásdlí dá dtagraítear); an 18 Eanáir 2022, Thelen Technopark Berlin (C-261/20, EU:C:2022:33, míreanna 25 agus 26).

[23] Féach breithiúnais an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, mír 38 agus an cásdlí dá dtagraítear); an 4 Meitheamh 2015, Faber (C-497/13, EU:C:2015:357, mír 33).

[24] Féach, chuige sin, breithiúnais an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear), agus breithiúnas an 13 Nollaig 2018, Hein (C-385/17, EU:C:2018:1018, mír 51).

Aontais a chur i bhfeidhm, laistigh de theorainneacha a dlínse, éifeacht iomlán a thabhairt do na forálacha sin, ag diúltú, más gá, fiú as a treoir féin, aon fhoráil easaontach den reachtaíocht náisiúnta a chur i bhfeidhm, fiú má ghlactar í ina dhiaidh sin, gan gá lena iarraidh go ndéanfar foráil den sórt sin a dhíothú trí phróiseas reachtach nó próiseas bunreachtúil eile. [25]

67. Mar sin féin, ní mór buntréithe eile dhlí an Aontais a chur san áireamh agus, go háirithe, cineál agus éifeachtaí dlíthiúla na dtreoracha a chur san áireamh. [26] Tá éifeachtaí díreacha ag treoir, a bhfuil a forálacha soiléir, beacht agus neamhchoinníollach, i leith an Stáit, is é sin le rá, "éifeachtaí díreacha ingearacha". [27] Mar sin féin, ní féidir le treoir ann féin oibleagáidí a fhorchur ar dhuine príobháideach agus, dá bhrí sin, ní féidir brath air mar sin os comhair cúirt náisiúnta. [28] I gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 288 CFAE, níl treoir de cineál ceangailteach, atá mar bhonn don fhéidearthacht a bheith ag brath uirthi, ann ach amháin i ndáil le "gach Ballstát ar a bhfuil sí dírithe"; tá sé de chumhacht ag an Aontas Eorpach oibleagáidí a achtú, ar bhealach ginearálta agus teibí, do dhaoine aonair le héifeacht láithreach ach amháin i gcás ina dtugtar de chumhacht dó rialacháin a ghlacadh.

68. Dá bhrí sin, de réir chásdlí socair na Cúirte, fiú má tá sé soiléir, beacht agus neamhchoinníollach, ní cheadaítear le foráil de chuid treorach don chúirt náisiúnta foráil dá dlí náisiúnta a dhífheidhmiú atá contrártha léi más rud é, mar thoradh air sin, go bhforchuirtear oibleagáid bhreise ar dhuine príobháideach. [29]

69. Maidir leis an gcás seo, tá "éifeachtaí díreacha ingearacha" [30] ag Clásal 4(1) den Chomhaontú Réime, de réir chásdlí na Cúirte, ach, i bhfianaise an chásdlí a luaitear sa mhír roimhe seo, ní féidir "éifeachtaí díreacha cothrománacha" a bheith aige, agus dá bhrí sin, de réir an Chomhaontaithe Réime agus Threoir 1999/70, ní bheidh an fostaí in ann ceart a dhíorthú i gcoinne an fhostóra os comhair cúirt náisiúnta.

70. Ag an bpointe seo, is ceist é a shuíomh an féidir brath ar cheart i gcoinne an fhostóra a dhíorthú go díreach ón gCairt, a mbeadh Clásal 4(1) thuasluaite ina mhodh cur chun feidhme ina leith. Dá bhrí sin, i réimse íogair na n-éifeachtaí cothrománacha díreacha, d'aithin an Chúirt, i gcásanna teoranta áirithe, forálacha áirithe den Chairt. Is iad forálacha na Cairte a d'fhéadfaí a agairt sa chás seo, Airteagail 21 (neamh-idirdhealú), 20 (comhionannas os comhair an dlí), Airteagal 30 (an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú gan údar maith) agus Airteagal 47 (an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil).

[25] Féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, Popławski (C-573/17, EU:C:2019:530, mír 58 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[26] Féach, chuige sin, breithiúnas an 24 Meitheamh 2019, Popławski (C-573/17, EU:C:2019:530, mír 59).

[27] Féach breithiúnais an 9 Samhain 1995, Francovich (C-479/93, EU:C:1995:372, mír 11); an 11 Iúil 2002, Marks & Spencer (C-62/00, EU:C:2002:435, mír 25); an 5 Deireadh Fómhair 2004, Pfeiffer agus páirtithe eile (ó C-397/01 go C-403/01, EU:C:2004:584, mír 103).

[28] Breithiúnais an 26 Feabhra 1986, Marshall (152/84, EU:C:1986:84, mír 48); an 14 Iúil 1994, Faccini Dori (C-91/92, EU:C:1994:292, mír 20); an 5 Deireadh Fómhair 2004, Pfeiffer agus páirtithe eile (ó C-397/01 go C403/01, EU:C:2004:584, míreanna 108 agus 109); an 24 Eanáir 2012, Dominguez (C-282/10, EU:C:2012:33, mír 42); breithiúnas an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, mír 36); an 7 Lúnasa 2018, Smith (C-122/17, EU:C:2018:631, mír 43).

[29] Féach breithiúnais an 24 Meitheamh 2019, Popławski (C-573/17, EU:C:2019:530); an 18 Eanáir 2022, Thelen Technopark Berlin (C-261/20, EU:C:2022:33, míreanna 31, 32 agus 33).

[30] Féach breithiúnas an 15 Aibreán 2008, Impact (C-268/06, EU:C:2008:223, mír 68).

71. D'aithin an Chúirt éifeacht dhíreach chothrománach Airteagal 21.[31] Sna breithiúnais sin, áfach, rinne an Chúirt tagairt do na forais idirdhealaithe a luadh go sainráite san fhoráil sin, eadhon aois agus reiligiún. Is é an pointe atá le soiléiriú anseo an gcumhdaítear le hAirteagal 21 freisin idirdhealú idir oibrithe ar théarma socraithe agus buanoibrithe, is é sin le rá idirdhealú bunaithe ar chritéar socheacnamaíoch.

72. Is é an chéad ghné a leagtar béim uirthi gur roghnaigh dréachtóirí na Cairte liosta[32] neamh-uileghabhálach d'aon ghnó de na forais idirdhealaithe a chumhdaítear le hAirteagal 21, mar a léirítear le húsáid an fhocail "go háirithe", rud a fhágann go nglactar le forais idirdhealaithe a sholáthar seachas na forais a luaitear go sainráite ann.

73. Mar sin féin, chun glacadh leis nach liosta uileghabhálach é liosta na bhforas idirdhealaithe, ní hionann é agus liosta iomlán neamhchinntithe atá ar fáil do na forais idirdhealaithe is éagsúla. I ndáil leis seo, tá an teicníc reachtach a úsáidtear ábhartha. Tá toirmeasc ar idirdhealú ar fhorais áirithe atá luaite go sainráite leagtha síos ag dréachtóirí na Cairte, nach iad na forais sin amháin toisc go bhfuil an abairt "go háirithe" roimh an liosta (i bhFraincis "notamment", i mBéarla "such as", i Spáinnis "en particular", i nGearmáinis "insbesondere"). Mar sin féin, cé go léirítear leis an abairt sin nach liosta uileghabhálach é liosta na bhforas, léirítear ann gur samplaí den chineál idirdhealaithe a chumhdaítear le hAirteagal 21 iad na forais a luaitear go sainráite. Cumhdófar forais eile idirdhealaithe leis an bhforáil, ar choinníoll go bhfuil siad aonfhoirmeach leo siúd dá dtagraítear san fhoráil sin.

74. Má scrúdaítear na forais atá luaite go sainráite, is furasta a fheiceáil go dtagraíonn gach duine d'idirdhealú a dhéanann difear do dhínit an duine. Toirmiscfear aon idirdhealú atá bunaithe ar aon fhoras amhail gnéas, cine, dath, tionscnamh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairimí eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh, tá siad uile nasctha le luach dhínit an duine.

75. Sa chiall sin, is féidir Airteagal 21 den Chairt a mheas mar shonraíocht maidir le dínit an duine lena n-osclaítear liosta na luachanna a chumhdaítear in Airteagal 2 de Chonradh an Aontais. Ní treoirlínte de chineál polaitiúil amháin luachanna atá, mar a shoiléirigh an Chúirt go háirithe maidir leis an "an smacht reachta"[33] agus "dlúthpháirtíocht".[34] Ina ionad sin, tá fíor-éifeacht dhlíthiúil acu agus sonraítear iad i roinnt prionsabail ghinearálta ag leibhéal an dlí phríomha féin agus ansin i rialacha níos mionsonraithe.

76. Is é luach dhínit an duine fíor Grundnorm an bhunreachtúlachta Eorpaigh iar-chogaidh i gcoinne uafáis an ollsmachtachais a dhiúltaigh aon luach don duine daonna. Treoraíonn dínit an duine, atá lárnach do thraidisiúin bhunreachtúla na mBallstát agus atá ina buntaca go comhsheasmhach le féiniúlacht bhunreachtúil an Aontais, léiriú an dlí phríomha agus cinneann sí fórsa fairsing na bprionsabal ina leagtar síos í, amhail an prionsabal a bhaineann le hidirdhealú a thoirmeasc. Ag an am céanna, áfach, leagann sé síos teorainneacha, lena dtugtar cumhdach

[31] Féach breithiúnas an 17 Aibreán 2018, Egenberger (C-414/16, EU:C:2018:257); an 6 Samhain 2018, Max-Planck-Gesellschaft zur Förderung der Wissenschaften (C-684/16, EU:C:2018:874); an 22 Eanáir 2019, Cresco Investigation (C-193/17, EU:C:2019:43); an 19 Aibreán 2016, DI (C-441/14, EU:C:2016:278).

[32] Comparáid a dhéanamh le liosta uileghabhálach na bhforas in Airteagal 1 de Threoir 2000/78/CE ón gComhairle an 27 Samhain 2000 lena mbunaítear creat ginearálta le haghaidh na córa comhionainne san fhostaíocht agus sa tslí bheatha (IO 2000 L 303, lch. 16).

[33] Féach breithiúnais an 16 Feabhra 2022, an Ungáir v an Pharlaimint agus an Chomhairle (C-156/21, EU:C:2022:97, míreanna 136 agus 232); an 16 Feabhra 2022, an Pholainn v an Pharlaimint agus an Chomhairle (C-157/21, EU:C:2022:98, míreanna 145 agus 264).

[34] Féach breithiúnas an 15 Iúil 2021, An Ghearmáin v An Coimisiún (C-848/19 P, EU:C:2021:598, míreanna 43, 45 agus 49).

bunreachtúil d'éifeacht chothrománach an chirt dá dtagraítear in Airteagal 21, lena gcuirtear in iúl go nithiúil prionsabal an toirmisc ar idirdhealú, i gcás ina mbaineann forais an idirdhealaithe le sárú ar dhínit an duine.

77. Dá bhrí sin, i measc na bhforas idirdhealaithe a chumhdaítear le hAirteagal 21 den Chairt, ní féidir aon spás a bheith ann de chineál socheacnamaíoch, amhail an cineál sin a bhaineann le stádas an oibrí nó le cineál an chaidrimh chonarthaigh idir é féin agus a fhostóir.

78. Tacaítear leis an gconclúid sin le trí bhreithniú eile. Ar an gcéad dul síos, arís maidir leis an teicníc reachtach a úsáidtear in Airteagal 21 den Chairt, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ndearnadh "clásal ginearálta" a ghlacadh mar thoradh ar chatalóg uileghabhálach d'fhorais idirdhealaithe thoirmiscthe a eisiamh, ná gur glacadh "clásal ginearálta" ná an méid a ghlaonn foirceadal na Gearmáine "coincheap dlíthiúil neamhshainithe a chinneadh" (unbestimmter Rechtsbegriff, amhail, mar shampla, "de mheon macánta", "práinn", "slándáil phoiblí", atá solúbtha ó nádúr agus ar féidir leo iad féin a shaibhriú le hathruithe suntasacha trí oiriúnú d'athruithe ar an ord dlíthiúil agus don choinsias sóisialta céanna. Os a choinne sin, tá forais áirithe idirdhealaithe curtha in iúl ag dréachtóirí na Cairte, a measann gach ceann acu gur sonraíocht iad ("go háirithe") de chineál áirithe idirdhealaithe, is é sin go díreach, dínit an duine a ionsaí.

79. Ina theannta sin, chuir an Chúirt as an áireamh arís agus arís eile an chumhacht atá aici raon feidhme na bhforas dá dtagraítear in Airteagal 21 den Chairt a leathnú. [35]

80. Ar an dara dul síos, ba cheart a thabhairt faoi deara go luaitear sna "Mínithe a bhaineann leis an gCairt um Chearta Bunúsacha" go mbeidh feidhm ag Airteagal 21 "a mhéid a fhreagraíonn sí d'Airteagal 14 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) tá sí infheidhme i gcomhréir leis". Mar sin féin, rinne an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine (ECtHR), ag brath ar an gclásal "aon choinníollacha breise" an toirmeasc ar idirdhealú a leathnú chuig cásanna ina bhfuil an neamhionannas bunaithe ar fhéiniúlacht inscne [36], ar ghnéaschlaonadh [37], ar mhíchumas [38] agus, ar deireadh, ar aois [39], a bhaineann le gach gné dhínit an duine, ós iadsan amháin ar féidir le ECtHR measúnú a dhéanamh orthu.

81. Ar deireadh, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach a choinneáil i gcuimhne go bhfuil léiriú déanta ag cásdlí na Cúirte ar Airteagal 1 de Threoir 2000/78 mar Airteagal nach gcumhdaítear idirdhealú ar fhorais catagóir ghairmiúil. [40]

82. In éagmais infheidhmeacht Airteagal 21 den Chairt maidir leis an gcás seo, d'fhéadfaimis an fhéidearthacht agairt a dhéanamh ar Airteagal 20 a mheas. Go deimhin, d'aithin an Chúirt go ndéantar prionsabal an chomhionannais, maidir le hoibrithe ar théarma socraithe, a chur chun feidhme le Treoir 1999/70, agus go háirithe le Clásal 4 den Chomhaontú Réime. [41] Mar sin féin,

[35] Féach breithiúnais an 11 Iúil 2006, Chacón Navas (C-13/05, EU:C:2006:456, mír 56); an 17 Iúil 2008, Coleman (C-303/06, EU:C:2008:415, mír 46); an 7 Iúil 2011, Agafiței agus páirtithe eile (C-310/10, EU:C:2011:467); breithiúnas an 9 Márta 2017, Milkova (C-406/15, EU:C:2017:1989).

[36] ECtHR, Identoba agus páirtithe eile v an tSeoirsia, Uimh. 73235/12, 12 Bealtaine 2015, mír 96.

[37] ECtHR, Fretté v an Fhrainc, Uimh. 36515/97, 26 Feabhra 2002, mír 32.

[38] ECtHR, Glor v an Eilvéis, Uimh. 13444/04, 30 Aibreán 2009, ECtHR, Guberina v an Chróit, Uimh. 23682/13, 22 Márta 2016.

[39] ECtHR, Schwizgebel v an Eilvéis, Uimh. 25762/07, 10 Meitheamh 2010.

[40] Féach, go háirithe, breithiúnas an 13 Meitheamh 2017 Florescu agus páirtithe eile (C-258/14, EU:C:2017:448, mír 63).

[41] Féach breithiúnas an 25 Iúil 2018, Vernaza Ayovi (C-96/17, EU:C:2018:603, mír 20).

níl aon bhreithiúnais de chuid na Cúirte ann a thugann le fios go bhfuil éifeacht dhíreach chothrománach ag an Airteagal seo. I mo thuairimse, áfach, ba cheart léirmhíniú den sórt sin ar Airteagal 20 a chur as an áireamh.

83. Tá éifeacht dhíreach chothrománach ag foráil den Chairt má tá sí éigeantach agus neamhchoinníollach. Dá bhrí sin, tá éifeacht dhíreach chothrománach curtha as an áireamh ag an gCúirt i gcás ina dtagraíonn foráil, amhail Airteagal 27, do chásanna agus do choinníollacha dá bhforáiltear le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta. [42]

84. Má dhéantar mionscrúdú air, cé nach bhfuil aon tagairt shainráite ann do dhlí an Aontais ná don reachtaíocht náisiúnta, níl Airteagal 20 de chineál neamhchoinníollach ná éigeantach. Glactar leis sna tréithe sin go n-eascróidh ceart don duine aonair as an bhforáil dá bhfreagraíonn oibleagáid shonrach ar dhuine aonair eile. Ciallaíonn sé seo gur féidir ábhar an chirt agus ábhar na hoibleagáide comhfhreagraí araon a eascraíonn go díreach as an gCairt gan gá le hidirghabháil ionstraimí dlí eile.

85. I gcás Airteagal 21 agus Airteagal 31(2) a bhaineann leis an gceart chun tréimhse shaoire le pá, má chomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos sa dá fhoráil sin, tá ceart ag an duine aonair le hinneachar beacht a chomhfhreagraíonn oibleagáid ar dhuine príobháideach eile a bhfuil inneachar atá chomh beacht céanna aige. [43]

86. Tá "struchtúr neamhiata" ag Airteagal 20, murab ionann agus na forálacha ar aithin an Chúirt go bhfuil éifeacht dhíreach chothrománach acu, rud a fhágann nach féidir ceart suibiachtúil agus oibleagáid dhlíthiúil chomhfhreagrach a eascraíonn go díreach ón ábhar sonrach, gan beann ar idirghabháil gnímh reachtaigh.

87. Má dhéanann duine aonair príobháideach gearán, cé go bhfuil sé i staid eile ó dhuine aonair eile, go gcuireann an dlí é faoi réir na córa céanna leis an dlí, agus dá bhrí sin go n-éilíonn sé go gcaithfí ar bhealach difriúil leis, ní féidir ábhar beacht na cóireála sin a thuiscint ón gCairt agus, dá bhrí sin, bheadh oibleagáid chomhfhreagrach an duine phríobháidigh eile fós neamhchinntithe. I gcásanna den sórt sin, má shuitear go bhfuil an gníomh reachtach (náisiúnta nó de chuid an Aontais Eorpaigh) contrártha do phrionsabal an chomhionannais, tá an reachtas, bíodh sé náisiúnta nó Eorpach, faoi oibleagáid a reachtaíocht sa réimse seo a oiriúnú de réir lamháil rogha a d'fhéadfadh a bheith níos leithne nó níos lú. [44]

88. Nuair a bhaineann sé leis an gcás droim ar ais ina ndéanann duine gearán gur caitheadh go míchothrom leis nó léi fiú i gcásanna inchomparáide, ní mór a thabhairt faoi deara nach bhfuil torthaí na tástála comparáide uathoibríoch agus gan athbhrí. Tá sé deacair critéar oibiachtúil nó foirceadal comhsheasmhach dlíthiúil a shainaithint, le cinnteacht agus go huathoibríoch, lena gcinntear cathain a mheasfar cásanna a bheith inchomparáide. D'aithin an tAbhcóide Ginearálta Sharpston an méid sin: "is léir go n-athraíonn critéir na gcosúlachtaí nó na ndifríochtaí a mheastar a bheith ábhartha de réir fís bhunúsach eiticiúil duine aonair nó sochaí ar leith." [45] D'aithin an tAbhcóide Ginearálta go macánta go mbraitheann ár mbraistint ar a bhfuil i gceist le difríocht shuntasach nó neamhábhartha ar roinnt breithiúnais luacha a bhaineann le cúinsí cultúrtha agus stairiúla.

[42] Féach breithiúnas an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, míreanna 45 agus 49).

[43] Féach breithiúnas an 6 Samhain 2018, Max-Planck-Gesellschaft zur Förderung der Wissenschaften (C-684/16, EU:C:2018:874, mír 79).

[44] Féach breithiúnas an 16 Meán Fómhair 2010, Chatzi (C-149/10, EU:C:2010:534 míreanna 68 agus 71).

[45] Féach Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Sharpston in Bartsch (C-427/06, EU:C:2008:297, mír 44).

89. Ciallaíonn an luaineacht seo nach mbíonn sé éasca i gcónaí a thuar conas a chuirfear an tástáil chomparáide i bhfeidhm ar líon áirithe cásanna. Dá bhrí sin, i gcás ina bhfuil prionsabal an chomhionannais i dtreis, ní féidir ábhar sonrach an dlí phríobháidigh a dhéanann an dlí príobháideach a agairt agus an oibleagáid chomhfhreagrach atá ar dhuine príobháideach eile a chuaigh i gcaidreamh dlíthiúil leis an gcéad duine, beag beann ar idirghabháil gnímh reachtaigh, a bhaint go díreach as Airteagal 20 den Chairt.

90. Tá an staid dá dtagraítear in Airteagal 21, ina leagtar amach na forais le haghaidh difreáil a fhágann nach luíonn idirdhealú le dínit an duine agus a thoirmisctear dá bhrí sin faoin dlí príomha, éagsúil go leor, agus is é an toradh a bhíonn air sin go mbeidh an duine a ndearnadh idirdhealú ina choinne in ann brath ar an gceart chun deireadh a chur le hidirdhealú ar na forais sin agus ar an gcóir is fabhraí ina choinne a leathnú.

91. Thairis sin, dá mba leor an difríocht gan údar sa chóir a dhéanfaí chun dochair do dhuine príobháideach chun go mbeadh an duine sin in ann brath, sna réimsí a chumhdaítear leis an gCairt, ar Airteagal 20 i gcoinne duine aonair eile, bheadh Airteagal 21 gan bhrí. Mar atá feicthe againn, tá éifeacht dhíreach chothrománach ag an gceann deireanach sin nach mbaineann ach le hidirdhealú atá bunaithe ar fhorais a bhaineann le hurraim do dhínit an duine, go háirithe iad siúd a luaitear go sainráite, agus ní le gach cineál idirdhealaithe.

92. Maidir leis an gceart chun dífhostú a bhfuil údar leis, ní féidir éifeacht dhíreach a bheith ag Airteagal 30 ach oiread, ós rud é go mbraitheann a chur i bhfeidhm ar an reachtaíocht náisiúnta agus ar an gcleachtas náisiúnta. [46] Dá bhrí sin, ní féidir foráil a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 30 i gcomhar le Clásal 4 den Chomhaontú Réime.

93. Mar is eol agus a shoiléiríonn an Chúirt maidir le hAirteagal 27 den Chairt, a bhfuil struchtúr aige atá beagnach comhionann le struchtúr Airteagal 30, ba cheart a choinneáil i gcuimhne gur léir ón gcásdlí socair go bhfuil sé beartaithe na cearta bunúsacha a ráthaítear i ndlíchóras an Aontais a chur i bhfeidhm i ngach cás arna rialú ag dlí an Aontais. [47]

94. Ní hionann Clásal 4 den Chomhaontú Réime atá i gceangal le Treoir 1999/70 agus cur chun feidhme Airteagal 30 den Chairt agus ní rialaítear le haon fhoráil thánaisteach de dhlí an Aontais ábhair a bhaineann leis an oibleagáid cúiseanna a lua ag an am céanna le tarraingt siar an oibrí.

95. Ní féidir an oibleagáid cúiseanna a lua ag an am céanna leis an ngníomh um tharraingt siar i gconarthaí ar théarma socraithe a thuiscint, mar riail dlí atá infheidhme go díreach, ó fhoclaíocht Airteagal 30 agus, dá bhrí sin, trí na focail ón gCúirt a dhealraítear a bheith lánoiriúnach don chás seo a athrá, is dóigh liom "go bhfuil imthosca an cháis sna príomhimeachtaí éagsúil leis na cinn as ar eascair an breithiúnas i gCás C-555/07, Kücükdeveci, a mhéid is féidir prionsabal an neamh-idirdhealaithe ar fhorais aoise atá i gceist sa chás sin, a chumhdaítear in Airteagal 21(1) den Chairt, a thabhairt do dhaoine aonair ar féidir a bheith ag brath air mar sin". [48]

96. Dá réir sin, ní féidir brath ar Airteagal 30 den Chairt, dá bhrí sin, i ndíospóid, amhail an díospóid sin atá i gceist sna príomhimeachtaí, chun a chinneadh nach mór an riail náisiúnta, nach féidir a bheith i gcomhréir le Treoir 1999/70, a dhífheidhmiú.

[46] Le hAirteagal 30 den Chairt tugtar don oibrí "[…] an ceart chun cosaint a fháil ar dhífhostú gan údar maith, i gcomhréir le dlí an Aontais agus le dlíthe agus cleachtais náisiúnta."

[47] Féach breithiúnas an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, mír 42).

[48] Féach breithiúnas an 15 Eanáir 2014, Association de médiation sociale (C-176/12, EU:C:2014:2, mír 47).

97. Má ghlactar leis, sa chás seo, nach bhfuil Airteagal 20, Airteagal 21 ná Airteagal 30 den Chairt infheidhme, ná nach bhféadfaidh feidhm a bheith ag Airteagal 47 den Chairt féin.

98. D'aithin an Chúirt éifeacht dhíreach chothrománach Airteagal 47. Ach – ní mór a chur in iúl – tá an éifeacht dhíreach chothrománach aitheanta i gcónaí i gcomhar le cearta in-fhorfheidhmithe eile i gcoinne duine aonair príobháideach. Go háirithe, d'aithin an breithiúnas in Egenberger éifeachtaí cothrománacha díreacha in Airteagal 47, ach cuireadh an tAirteagal sin i bhfeidhm i gcomhar le prionsabal ginearálta an neamh-idirdhealaithe mar a chumhdaítear in Airteagal 21 den Chairt agus mar a shoiléiríodh le Treoir 2000/78.[49] Sa chás sin, is gá Airteagal 47 agus foráil eile den Chairt a bhfuil éifeacht dhíreach chothrománach aici a chomhcheangal leis an struchtúr reachtach céanna le hAirteagal 47. Aithnítear ann an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil ar gach duine "a sáraítear a gcearta agus a saoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais".

99. Dá bhrí sin, glactar leis, le cur i bhfeidhm Airteagal 47 den Chairt, gur sealbhóir ceart nó saoirse a ráthaítear le dlí an Aontais é an duine príobháideach, ceart nó saoirse a fhéadfar a agairt in imeachtaí dlíthiúla. Dá bhrí sin, nuair a scrúdaíonn an Chúirt an féidir brath ar an bhforáil sin, is ann d'fhoráil shubstainteach a thugann, sa chás sonrach, don pháirtí lena mbaineann na cearta ar a bhféadfaidh sé brath os comhair cúirte.[50]

100. Ciallaíonn sé nach mór don chás atá idir lámha teacht faoi raon feidhme na Cairte – murach sin, ní bheadh an Chairt infheidhme in aon chor – ach freisin ní mór ceart nó saoirse nithiúil a bheith ann freisin, a chosnaítear faoi dhlí an Aontais.[51]

101. Níor tháinig an cheist sin chun cinn in DI, Bauer agus Willmeroth, Cresco Investigation[52], toisc gur tugadh cearta ábhartha do na hiarratasóirí le hAirteagail 21 agus 31 den Chairt, a shonraítear sna treoracha comhfhreagracha, agus níor agraíodh Airteagal 47 den Chairt. Tugaim faoi deara freisin go bhféadfadh feidhmiú an chirt chun leighis éifeachtaigh os comhair binse, atá cumhdaithe in Airteagal 47 den Chairt, a theorannú.[53]

102. Tá an coinníoll dá dtagraítear sna míreanna roimhe seo as láthair sa chás seo, ós rud é nach bhfaigheann an t-oibrí ón gComhaontú Réime ceart i gcoinne an fhostóra agus nach féidir leis ceart den sórt sin a dhíorthú ó Airteagal 20 ná ó Airteagal 21 den Chairt.

[49] Féach breithiúnas an 7 Aibreán 2018, Egenberger (C-414/16, EU:C:2018:257, míreanna 75 go 77).

[50] Féach breithiúnas an 1 Lúnasa 2022, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Diúltú iarratas ar mhionaoiseach Éigipteach a ghabháil ar láimh) (C-19/21, EU:C:2022:605, mír 50).

[51] Féach Tuairim an 7 Aibreán 2022, Staatssecretaris van Justitie en Veiligheid (Diúltú iarratas ar mhionaoiseach Éigipteach a ghabháil ar láimh (C-19/21, EU:C:2022:279, mír 47 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[52] Féach breithiúnais an 19 Aibreán 2016, DI (C-441/14, EU:C:2016:278), an 6 Samhain 2018, Bauer agus Willmeroth (C-569/16 agus C-570/16, EU:C:2018:871), agus an 22 Eanáir 2019, Cresco Investigation (C-193/17, EU:C:2019:43).

[53] Féach breithiúnas an 6 Deireadh Fómhair 2020, État luxembourgeois (an ceart caingean a thabhairt i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach), (C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 60).

IV. Conclúid

103. I bhfianaise na mbreithnithe sin roimhe seo, molaim don Chúirt na ceisteanna a tarchuireadh chun réamhrialú ag an Sąd Rejonowy dla Krakowa – Nowej Huty w Krakowie (Cúirt Dúiche, Kraków – Nowa Huta i Kraków, an Pholainn) mar seo a leanas:

"Ní mór Airteagal 1 de Threoir 1999/70/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe a thug Cónaidhm na nGnóthas Eorpach (UNICE), Lárionad Eorpach na bhFiontar a bhfuil Rannpháirtíocht Phobail iontu agus na bhFiontar ar Mhaithe le Leas Eacnamaíoch i gCoitinne (CEEP) agus Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann (CES) chun críche agus Clásail 1 agus 4 den Chomhaontú Réime sin a léiriú sa chiall:

nach gcuirtear cosc ar reachtaíocht náisiúnta lena gceanglaítear ar fhostóir na cúiseanna a lua i scríbhinn ó thaobh an chinnidh conradh fostaíochta a fhoirceannadh i ndáil le conarthaí fostaíochta arna dtabhairt i gcrích go ceann tréimhse éiginnte amháin, agus na cúiseanna sin amháin, ar choinníoll go gcinneann an chúirt náisiúnta gur féidir na forálacha náisiúnta a léiriú i gcomhréir le dlí an Aontais, go n-áirithítear athbhreithniú breithiúnach ar dhlisteanacht na bhforas chun conarthaí fostaíochta ar théarma socraithe a fhoirceannadh agus gur féidir leis an oibrí ar théarma socraithe brath ar chosaint éifeachtach bhreithiúnach i bhfianaise na gcritéar a leagtar amach thuas.

Ní féidir leis na páirtithe Clásal 4 den Chomhaontú Réime maidir le hobair ar théarma socraithe a agairt i ndíospóid idir páirtithe príobháideacha."